

10.1.2024

A9-0404/7

**Leasú 7**

**Anna Fotyga**

thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**A9-0404/2023**

**Željana Zovko**

Ról na taidhleoireachta coisctí chun dul i ngleic le coinbhleachtaí calctha ar fud an domhain - deis a cailleadh nó athrú don todhchaí?

(2023/2050(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**

**Aithris AL a (nua)**

*Tairiscint i gcomhair rúin*

*Leasú*

*ALa. de bhrí go bhfuil an ais mhéadaitheach idir an Rúis, an tSín agus an Iaráin ag ionstraimiú eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe comhlachtaí na Náisiún Aontaithe, chun an dlí idirnáisiúnta a chreimeadh agus iad a chur faoi bhun a leasanna, rud atá ag teacht salach níos mó agus níos mó ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an ord domhanda riailbhunaithe;*

Or. en

10.1.2024

A9-0404/8

**Leasú 8**  
**Anna Fotyga**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**  
**Željana Zovko**

**A9-0404/2023**

Ról na taidhleoireachta coisctí chun dul i ngleic le coinbhleachtaí calctha ar fud an domhain - deis a cailleadh nó athrú don todhchaí?  
(2023/2050(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**  
**Mír 1 – pointe (x)**

*Tairiscint i gcomhair rúin*

*Leasú*

(x) dlúthchomhar a bhunú le hoifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe agus le gníomhaithe idirnáisiúnta eile ar an láthair chun faisnéis a chomhthiomsú i gcomhthéacs iarrachtaí luathrabhaidh;

(x) dlúthchomhar a bhunú le hoifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe agus le gníomhaithe idirnáisiúnta eile ar an láthair, **go háirithe ECAT**, chun faisnéis a chomhthiomsú i gcomhthéacs iarrachtaí luathrabhaidh;

Or. en

10.1.2024

A9-0404/9

**Leasú 9**

**Anna Fotyga**

thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**A9-0404/2023**

**Željana Zovko**

Ról na taidhleoireachta coiscthé chun dul i ngleic le coinbhleachtaí calctha ar fud an domhain - deis a cailleadh nó athrú don todhchaí?

(2023/2050(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**

**Mír 1 – pointe (ay)**

*Tairiscint i gcomhair rúin*

*Leasú*

(ay) comhpháirtíochtaí agus comhordú maidir le taidhleoireacht choisctheach a neartú le gníomhaithe idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha, amhail na Náisiúin Aontaithe, ESCE agus a Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, an tAontas Afracach agus a chomhpháirteanna réigiúnacha, eagraíochtaí réigiúnacha Afracacha (amhail ECOWAS), Eagraíocht na Stát Meiriceánach agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh comhordú neartaithe maidir le coinbhleachtaí a chosc ar fud an domhain a bheith mar thoradh ar chomhpháirtíocht níos dlúithe leis na Náisiúin Aontaithe agus a chomhlachtaí, go háirithe an Coimisiún um Chothú na Síochána;

(ay) comhpháirtíochtaí agus comhordú maidir le taidhleoireacht choisctheach a neartú le gníomhaithe idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha, amhail na Náisiúin Aontaithe, ESCE agus a Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, **ECAT**, an tAontas Afracach agus a chomhpháirteanna réigiúnacha, eagraíochtaí réigiúnacha Afracacha (amhail ECOWAS), Eagraíocht na Stát Meiriceánach agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh comhordú neartaithe maidir le coinbhleachtaí a chosc ar fud an domhain a bheith mar thoradh ar chomhpháirtíocht níos dlúithe leis na Náisiúin Aontaithe agus a chomhlachtaí, go háirithe an Coimisiún um Chothú na Síochána;

Or. en